C/2024/5520

12.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11705 – TIKEHAU CAPITAL / BOUYGUES / SERENA INDUSTRIAL PARTNERS / BELLOVA JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5520)

1. An 4 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Egis Airport Operation SAS ('Egis Airport Operation', an Fhrainc), faoi rialú Tikehau Capital SCA ('Tikehau', an Fhrainc),

— Egis Investment Partners France II SCA ('Egis Investment Partners France', an Fhrainc), faoi rialú Tikehau,

— Bouygues Construction Airport Concessions (an Fhrainc), faoi rialú Bouygues S.A. ('Bouygues', an Fhrainc),

— Impact V. S.à.r.l ('Impact V.', Lucsamburg), faoi rialú Serena Industrial Partners GP S.à.r.l ('Serena', Lucsamburg),

— Bellova SAS ('Bellova', an Fhrainc), cuideachta nuachruthaithe a bheidh freagrach as oibriú, bainistiú, cothabháil agus cur chun cinn aerfort Beauvais-Tillé sa Fhrainc.

Egis Airport Operation, Egis Investment Partners, Bouygues Construction Airport Concessions agus Impact V. rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chomhchruinnithe, ar Bellova ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus trí bhíthin conartha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Feidhmíonn Egis Airport Operation san earnáil bainistithe agus oibrithe aerfort, san Eoraip agus san Afraic den chuid is mó. Tá Tikehau gníomhach i mbainistiú sócmhainní agus na hinfheistíochta, go háirithe san Eoraip, san Áise agus i Meiriceá Thuaidh,

— Egis Investment Partners Egis speisialaithe in infheistiú agus bainistiú scaireanna i dtionscadail bhonneagair, go háirithe i réimsí an deartha, na tógála, na cothabhála, an oibrithe agus an mhaoinithe. San am i láthair, níl aon ghníomhaíocht ag an gcuideachta seo ach amháin tionscadal lamháltais aerfort Beauvais-Tillé sa Fhrainc,

— is feithicil é Bouygues Construction Airport Concessions a cruthaíodh chun infheistíocht a dhéanamh, thar ceann Bouygues, i lamháltais aerfoirt. Níl aon ghníomhaíocht ag an gcuideachta seo faoi láthair, ach amháin tionscadal lamháltais aerfort Beauvais. Tá Bouygues gníomhach sna hearnálacha tógála, oibreacha poiblí, teileachumarsáide agus meán,

— is feithicil infheistíochta é Impact V lena bhfreagraítear tairiscintí poiblí i réimse na mbonneagar sa Fhrainc. Tá Serena Industrial Partners, atá speisialaithe i bhforbairt bonneagar meánmhéide in earnálacha na soghluaisteachta, an chomhshaoil agus na mbonneagar sóisialta, gníomhach san Eoraip agus sa tSile.

3. Beidh an chuideachta nuachruthaithe freagrach as oibriú, bainistiú, cothabháil agus cur chun cinn aerfort Beauvais-Tillé sa Fhrainc.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chomhchruinnithe.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11705 – TIKEHAU CAPITAL / BOUYGUES / SERENA INDUSTRIAL PARTNERS / BELLOVA JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.